Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7271/20**

**SOC 205**
**EMPL 162**
**ECOFIN 228**
**EDUC 121**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6809/20 + COR 1-3 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhliantúil 2020 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (8 Aibreán 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhliantúil 2020 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2020, a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn ar an 8 Aibreán 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhliantúil 2020 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**

AGUS AN MÉID A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI

1. Leagtar amach sa Straitéis Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe na tosaíochtaí eacnamaíocha, fostaíochta agus beartais shóisialta don Aontas agus dá Bhallstáit in 2020, agus cuirtear i bhfios go láidir nach críoch ann féin é an fás eacnamaíoch, ach go gcaithfidh sé a bheith ar mhaithe leis na daoine agus ar mhaithe leis an bpláinéad. Éilítear leis an gclaochlú comhshaoil, teicneolaíoch agus déimeagrafach aistriú chuig fás a bheidh neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha digiteacha agus inbhuanaithe chun poist ar ardchaighdeán a áirithiú agus táirgiúlacht a mhéadú ar mhaithe le haistriú cothrom cuimsitheach. Agus ár ngeilleagar sóisialta margaidh á chlaochlú againn, ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh an Eoraip i gcónaí ar an áit a bhfuil na córais leasa shóisialta is forbartha ar domhan.

2. Tá na tosaíochtaí sin ag teacht leis na tosaíochtaí atá leagtha amach i gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle agus ag an gCoimisiún. Chun aistriú chuig geilleagar a bheidh aeráidneodrach, cothrom, cuimsitheach agus iomaíoch a chur chun cinn, agus chun cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach go comhpháirteach, ba cheart gníomhaíocht bheartais dhea-chothromaithe a dhéanamh i leith ceithre ghné: an comhshaol, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Leis an aistriú glas, d'fhéadfaí poist nua a chruthú agus dea-bhail níos fearr a chur chun cinn ach beidh gá le hinfheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach chun dul i ngleic leis an gcomhbhabhtáil ghearrthéarmach agus leis na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

3. Tá geilleagar na hEorpa ag dul i méid i gcónaí agus bhí an ráta fostaíochta níos airde ná riamh, ach ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun dul i ngleic leis na héagothromaíochtaí sóisialta agus na neamhionannais shóisialta atá fós ann. In ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar atá á thuar, is dócha go sroichfidh an tAontas Eorpach ráta fostaíochta 75 % in 2020. Tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ag laghdú go mór le blianta beaga anuas, ach is dócha go bhfanfaidh an dul chun cinn atá déanta i bhfad faoi bhun laghdú 20 milliún faoi 2020. Tá éagothroime ioncaim fós ard agus tá méadú tagtha ar an éagothroime sin le deich mbliana anuas.

4. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Eoraip maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Tá cóineasú ar siúl ar fud na mBallstát i naoi as 14 tháscaire ceannlíne den Scórchlár Sóisialta a ghabhann leis an gColún. Tá sé ríthábhachtach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i scileanna, i gcórais cosanta sóisialta atá inrochtana, leordhóthanach agus inbhuanaithe, agus in iarrachtaí chun an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta a chomhrac chun cothroime agus cóineasú aníos a chur chun cinn. Ba cheart beartais ghníomhacha don mhargadh saothair a chomhtháthú go maith le beartais shóisialta, agus ba cheart an cuimsiú gníomhach a chur chun cinn i margadh an tsaothair agus sa tsochaí.

5. Tá Straitéis Eoraip 2020 ina creat straitéiseach fadtéarmach chun ceapadh beartais a threorú sa Seimeastar Eorpach agus sna Treoirlínte Fostaíochta. Tá an Straitéis ag teacht chun deiridh, agus tá sé tábhachtach cur leis an méid atá bainte amach aici agus le comhtháthú phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sa Seimeastar, chomh maith le cuspóirí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ar bhealach ábhartha. Níor cheart ró-ualach a chur ar an Seimeastar Eorpach.

AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTREIS AICI

6. Níor cheart go bhfágfadh beartas uaillmhianach aeráide agus comhshaoil duine ar bith ar an trá fholamh. Chuige sin, ba cheart tacaíocht leordhóthanach a áirithiú do na daoine agus do na réigiúin a bhféadfadh an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta tionchar diúltach a imirt orthu. Ar an gcaoi chéanna, beidh infheistíocht i dteicneolaíochtaí agus scileanna digiteacha agus inbhuanaithe ríthábhachtach chun leas a bhaint as deiseanna a thiocfaidh chun cinn.

7. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar staid mhargadh an tsaothair de bharr an fháis leanúnaigh eacnamaíoch, is beag fás atá tagtha ar phá. Tá an bhochtaineacht i measc an lucht saothair fós ard san Aontas, in ainneoin gur méadaíodh íosleibhéil pá in 2019 i bhformhór na mBallstát ina bhfuil íosphá reachtúil. Tá gá le cur chuige ilghnéitheach lena gcuimsítear raon leathan beartas chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht i measc an lucht saothair. Tá obair pháirtaimseartha ainneonach ard fós i roinnt Ballstát, agus cuireann scaipeadh cineálacha neamhthipiciúla oibre le deighilt mhargadh an tsaothair. Le reachtaíocht dhea-cheaptha maidir le cosaint fostaíochta, ba cheart go ndéanfaí oibrithe a chosaint agus, ag an am céanna, nach gcuirfí isteach ar aistrithe post nó nach gcruthófaí dreasachtaí d'fhéinfhostaíocht bhréagach. Tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach i ndáil leis sin.

8. I gcomhthéacs athruithe déimeagrafacha agus teicneolaíocha, srianta ar acmhainní comhshaoil, agus neamhchinnteachtaí geopholaitiúla, beidh rathúnas amach anseo ag brath go mór ar bhreis táirgiúlachta agus nuálaíochta, rud a chúiteodh líon níos lú daoine sa daonra a bheith in aois oibre. Ní féidir é sin a dhéanamh gan infheistíocht fhorleathan a dhéanamh san oideachas, san oiliúint agus i scileanna, rud a imríonn tionchar suntasach ar dheiseanna fostaíochta daoine. Mar sin féin, níl ach méadú beag tagtha ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach, go háirithe ina measc siúd atá ar bheagán scileanna, agus níl ach líon beag Ballstát ann a bhfuil ag éirí leo feabhas suntasach a chur air sin. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear feabhas ar inrochtaineacht na gcóras oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán, agus go laghdófar luathfhágáil na scoile chun a áirithiú go mbeidh gach duine rannpháirteach sa tsochaí.

9. Is dúshlán fós é comhionannas inscne a bhaint amach. Le rochtain níos leithne ar oideachas agus cúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, chomh maith le beartais leordhóthanacha um chothromaíocht oibre is saoil, féadfar tacú go háirithe le mná dul i mbun fostaíochta nó fanacht san fhostaíocht, agus torthaí dearfacha ina leith sin a bhaint amach, lena n-áirítear i gcás bochtaineacht leanaí a mhaolú. Níl bearta nithiúla i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní, trí thrédhearcacht pá a neartú, ach amháin i roinnt bheag Ballstát. Tá feabhas ag teacht i gcónaí ar staid mhargadh an tsaothair do dhaoine óga idir 15-24 bliana d'aois, ach tá cuid mhaith díobh fós dífhostaithe nó neamhghníomhach go heacnamaíoch i roinnt Ballstát. Ina theannta sin, ba cheart lánpháirtiú na ngrúpaí a bhfuil tearcionadaíocht á déanamh orthu i margadh an tsaothair a neartú, lena n-áirítear daoine de bhunadh imirceach, amhail Romaigh, agus daoine faoi mhíchumas. Tá feabhas tagtha ar chumas na seirbhísí poiblí fostaíochta beartais ghníomhacha spriocdhírithe don mhargadh saothair a chur ar fáil do ghrúpaí éagsúla cuardaitheoirí poist, ach tá dúshláin ann fós, go háirithe maidir leis na daoine is faide ó mhargadh an tsaothair a shroicheadh, agus maidir le comhtháthú agus comhoibriú níos fearr le seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte a áirithiú.

10. Mar gheall ar na forbairtí fabhracha eacnamaíocha agus forbairtí i margadh an tsaothair, tá feabhsuithe suntasacha foriomlána tagtha ar an staid shóisialta, mar a léirítear le méaduithe ginearálta ar ioncam indiúscartha teaghlach, agus leis an laghdú ar dhiandíothacht ábhartha agus go pointe níos lú, le sciar na ndaoine i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe. Mar sin féin, d'fhan an ráta iomlán baoil bochtaineachta agus bochtaineachta lucht saothair cobhsaí den chuid is mó, agus i roinnt tíortha níl an t-ioncam indiúscartha teaghlach ar ais mar a bhí roimh an ngéarchéim. Thairis sin, tá laghdú tagtha ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2018, agus tá an baol bochtaineachta agus doimhneacht na bochtaineachta do dhaoine i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe fós ag dul i méid.

11. Bíonn grúpaí leochaileacha áirithe, amhail leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine de bhunadh imirceach agus grúpaí de bhunadh na Romach, níos mó i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Tá méadú tagtha le deich mbliana anuas ar an easpa dídine, ar mórléiriú ar an mbochtaineacht í, agus baineann drochdhálaí tithíochta le sciar suntasach de theaghlaigh i roinnt Ballstát.

12. Tá an sciar den daonra atá in aois fostaíochta ag dul i laghad ar an meán cheana féin i mBallstáit an Aontais agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise air sin agus, ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise, rud a chuirfidh brú ar chórais cosanta sóisialta (lena n-áirítear pinsin agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh). Ós amhlaidh atá, tá sé ríthábhachtach bearta iomchuí a dhéanamh (mar shampla, saol oibre níos faide a chur chun cinn), lena gcuirfear le hinbhuanaitheacht agus le leordhóthanacht na gcóras pinsin, agus lena dtabharfar aghaidh ar an tsaincheist maidir le lucht saothair atá ag laghdú.

13. Is éard atá i rochtain leordhóthanach a bheith ag cách ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán, cúram fadtéarmach, cur chun cinn na sláinte agus cosc ar ghalair, ar nithe iad a chuirtear ar fáil trí chórais sláinte inbhuanaithe, ná eilimintí bunriachtanacha na dea-bhaile, lena rannchuidítear leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Leis an athrú déimeagrafach, is tábhachtaí anois ná riamh infheistíocht a dhéanamh i gcúram sláinte, i gcúram fadtéarmach agus i sláinte agus sábháilteacht níos fearr ag an obair. Chun aghaidh a thabhairt air sin agus ar dhúshláin eile, agus inniúlachtaí náisiúnta sa réimse sin á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, is gá leanúint de nuachóiriú a dhéanamh ar chórais cúraim sláinte agus ar chórais cúraim fhadtéarmaigh.

14. I gcomhréir le teacht chun cinn cineálacha nua oibre, tá nuachóiriú á dhéanamh ar chórais cosanta sóisialta agus leathnú á dhéanamh ag roinnt Ballstát ar chumhdach na gcóras sin agus feabhas á chur acu ar a leordhóthanacht. I gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, ba cheart rochtain ar chosaint shóisialta a áirithiú do chách, gan beann ar a stádas oibre.

15. Tá méadú tagtha ar na dúshláin atá roimh an gcomhtháthú sóisialta ar fud na mBallstát agus laistigh díobh. Le deich mbliana anuas, tá méadú tar éis teacht ar neamhionannais ioncaim agus rochtana ar sheirbhísí bunúsacha agus ar dheiseanna laistigh de na Ballstáit. Tá an bhearna idir réigiúin bhochta agus réigiúin shaibhre san Eoraip ag dul i méid. Le deiseanna nua, le hathrú teicneolaíoch agus leis an aistriú glas, d’fhéadfadh tuilleadh méadaithe teacht ar na bearnaí sin, agus bheadh gá le hinfheistíocht iomchuí, chomh maith le hiarrachtaí leanúnacha chun cóineasú aníos a bhaint amach idir na Ballstáit agus laistigh díobh.

16. Is dlúthchuid de gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa an t-idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil, ainneoin go bhfuil difear nach beag ann i dtaobh na rannpháirtíochta i measc na mBallstát. Agus na hathchóirithe idir lámha, féadfaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta feabhas a chur ar cheapadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe sin, agus d'fhéadfadh go mbeadh torthaí socheacnamaíocha níos fearr ann ar deireadh. Ba cheart a áirithiú go bhfuil a ndóthain acmhainneachta ag na comhpháirtithe sóisialta chun bheith rannpháirteach sa díospóireacht bheartais. Tá ról tábhachtach ag rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sóisialta chun a áirithiú go ndéanfaí na hathchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

- Tosaíochtaí na Straitéise Bliantúla don Fhás Inbhuanaithe a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus torthaí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht a chur san áireamh.

- Dlús a chur lena n-iarrachtaí prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus cuidiú le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh a ullmhú chun beart a dhéanamh maidir leis an gColún.

- Moltaí tír-shonracha 2019 agus, i gcás inarb ábhartha, moltaí 2019 don limistéar euro a chur chun feidhme.

- Leas a bhaint as an Scórchlár Sóisialta, as an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta chun a n-iarrachtaí cóineasaithe a threorú.

- Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a aithint ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú, atá ábhartha faoi chuimsiú chreat an tSeimeastair Eorpaigh.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN

- Straitéis don tréimhse i ndiaidh 2020 a fhorbairt, mar ábhar tosaíochta, lena n-áireofar spriocanna fostaíochta agus sóisialta atá soiléir agus uaillmhianach, bunaithe ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ar thorthaí na straitéise Eoraip 2020, agus measúnú comhpháirteach EMCO-SPC 2019 á chur san áireamh, agus páirt a thabhairt don Choiste Fostaíochta (EMCO) agus don Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) i bhforbairt na straitéise sin.

- A áirithiú go ndéanfar saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a mheas go hiomchuí agus measúnú á dhéanamh ar bheartais an Aontais agus na mBallstát, go háirithe i gcomhthéacs na n-aistrithe glasa agus digiteacha.

- Teagmháil a dhéanamh le EMCO agus le SPC sna gníomhaíochtaí atá ar na bacáin aige agus atá dírithe ar Eoraip shóisialta níos láidre a fhorbairt, agus ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

- Tacú le EMCO agus le SPC agus iad ag iarraidh cuíchóiriú a dhéanamh ar na huirlisí faireacháin a úsáidtear i gcomhthéacs an tSeimeastair, agus na Spriocanna ábhartha Forbartha Inbhuanaithe á gcur san áireamh ag an am céanna.

- Na Moltaí Tír-Shonracha a fhoilsiú ionas go mbeidh dóthain ama ann le haghaidh plé ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais laistigh den Chomhairle, agus laistigh dá comhlachtaí ullmhúcháin.

IARRANN SÍ AR EMCO AGUS AR SPC AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

- Obair a dhéanamh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún maidir leis na tionscnaimh atá le teacht uaidh lena dtacaítear, go háirithe, le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus maidir le straitéis iar-2020 a fhorbairt chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar na tionchair fostaíochta agus shóisialta.

- Leanúint den obair atá idir lámha acu maidir le faireachán agus tagarmharcáil a dhéanamh ar bhonn iltaobhach téamach, agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chásanna fostaíochta agus sóisialta sna Ballstáit, agus bonn fianaise níos fearr a chur ar fáil don Chomhairle don idirphlé i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

- Cuíchóiriú a dhéanamh ar a gcuid uirlisí faireacháin, a úsáidtear chun iarrachtaí na mBallstát a threorú i dtreo cóineasú aníos, agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe á mheas ag an am céanna.
- Obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le coistí comhairleacha agus comhpháirtithe eile, go háirithe na Coistí Eacnamaíocha agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, an Coiste Oideachais, an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí ar Leibhéal Sinsearach, agus Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, lena n-áiritheofar, ar an gcaoi sin, go gcuirfear san áireamh go cothrom sa Seimeastar Eorpach saincheisteanna eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta.
- Leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta na hEorpa, agus leis an tsochaí shibhialta chun idirphlé éifeachtach sóisialta agus sibhialta a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.